Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15418/1/23**
**REV 1**

**SOC 769**
**EMPL 552**
**ECOFIN 1179**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le hinfheistíocht shóisialta<br>- *Cur i láthair ó chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta faoi seach* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuairim thuasluaite, d'fhonn go gcuirfidh cathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta faoi seach i láthair í ag seisiún na Comhairle (EPSCO) an 27 agus an 28 Samhain 2023.

**An Coiste Fostaíochta**

**An Coiste um Chosaint Shóisialta**

# Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh

## Réamhrá

1. **Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu an 14 Iúil 2023, phléigh na hairí fostaíochta agus gnóthaí sóisialta an chaoi a dtacaíonn an infheistíocht shóisialta le hathléimneacht na ngeilleagar agus ról Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais.** Bhí roinnt airí den tuairim gur féidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí dea-cheaptha atá bunaithe ar chur chuige infheistíochta sóisialta, agus go háirithe iad siúd lena gcothaítear caipiteal daonna, gur féidir leo gnóthachain táirgiúlachta a bhaint amach agus fás eacnamaíoch níos airde a chothú chomh maith le cuspóirí sóisialta a chur chun cinn, agus d’iarr siad go ndéanfaí machnamh fianaisebhunaithe breise. Dá réir sin, mar obair leantach ar an bplé, d’iarr airí na Spáinne agus na Beilge — na Ballstáit ag a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh idir mí Iúil 2023 agus mí an Mheithimh 2024 — ar an gCoiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta Tuairim a ullmhú maidir le hinfheistíocht shóisialta agus athchóirithe gaolmhara agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais.

2. **An 9 Samhain 2022, thíolaic an Coimisiún treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar rialachas eacnamaíoch an Aontais. An 14 Márta 2023, ghlac an Chomhairle (Ecofin) conclúidí inar sainaithníodh réimsí cóineasaithe tuairimí na mBallstát**[1]. I bhfianaise an mhéid sin, chuir an Coimisiún ar aghaidh a thograí reachtacha maidir le hathbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch an 26 Aibreán 2023. De réir na dtograí sin ón gCoimisiún, ba cheart do na Ballstáit uile *pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha* a thíolacadh lena gcumhdaítear beartas fioscach agus gealltanais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht. Ina theannta sin, molann an Coimisiún go bhféadfaí síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an tréimhse choigeartaithe fhioscaigh '*má chuireann an Ballstát bonn taca faoina phlean fioscach struchtúrtha meántéarmach i bhfoirm sraith athchóirithe agus infheistíochtaí infhíoraithe faoi cheangal ama, agus ar fíor an méid thíos fúthu ina n-iomláine, go gcuireann siad leis an bhfás, go dtacaíonn siad le hinbhuanaitheacht fhioscach, go dtugann siad aghaidh ar chomh-thosaíochtaí an Aontais, go dtugann siad aghaidh ar mholtaí tírshonracha chuig an mBallstát faoin Seimeastar Eorpach, agus go dtugann siad aghaidh ar na tosaíochtaí infheistíochta tírshonracha gan ciorruithe ar infheistíocht phoiblí eile arna maoiniú go náisiúnta a bheith mar thoradh air thar an tréimhse choigeartaithe chun tionchar maicreacnamaíoch na n-infheistíochtaí a áirithiú agus chun plódú tosaíochtaí infheistíochta eile a sheachaint*'. Sna tograí ón gCoimisiún, is iad na tosaíochtaí seo a leanas a shainaithnítear mar thosaíochtaí coiteanna an Aontais: an Comhaontú Glas don Eoraip, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint.

---

1 Conclúidí ón gComhairle: Treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, a ghlac Comhairle Ecofin an 14 Márta 2023.

3. **Tá an Tuairim seo mar chuid den obair chun tacú leis na hairí cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le hinfheistíochtaí agus athchóirithe gaolmhara agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh, gan dochar do thoradh na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir leis na tograí reachtacha a thíolaic an Coimisiún an 26 Aibreán 2023[2].** I bhfianaise Airteagal 148 CFAE agus an ghealltanais pholaitiúil maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is féidir le hanailís thráthúil ar bhreisluach na mbeartas infheistíochta sóisialta chun fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht shocheacnamaíoch a chothú tacú le comhlachtaí ullmhúchán Chomhairle EPSCO chun comhordú na mbeartas eacnamaíoch, fostaíocht agus sóisialta a fheabhsú. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le machnamh a dhéanamh ar an bhfostaíocht agus rialachas sóisialta foriomlán sa Seimeastar Eorpach, agus tagairt ar leith á déanamh do ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO.

2 Tá na tograí reachtacha á gcaibidil faoi láthair i gcomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle Ecofin agus i gCoistí ECON agus EMPL de chuid Pharlaimint na hEorpa.

**Breisluach na mbeartas infheistíochta sóisialta**

4. **In obair a rinne an Chomhairle roimhe seo – a d'fhéadfaí a fhorbairt a thuilleadh – sainaithníodh cur chuige na hinfheistíochta sóisialta mar bheartais mhargadh an tsaothair, beartais scileanna agus beartais shóisialta chun feabhas a chur ar chumais reatha an duine aonair agus ar a gcumas amach anseo, agus béim ar leith ar chumas na ndaoine aghaidh a thabhairt ar rioscaí socheacnamaíocha agus an cumas a fhorbairt feadh an tsaoil**[3]. Go háirithe, leagadh béim, sa Phacáiste Infheistíochta Sóisialta a thíolaic an Coimisiún in 2013, ar an gcaoi ar féidir le beartais fostaíochta, scileanna agus shóisialta an infheistíocht, chomh maith le riachtanais cosanta agus cobhsaíochta, a chomhlíonadh, agus feidhmeanna atreisithe acu freisin. Sa chomhthéacs socheacnamaíoch reatha, athchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta atá bunaithe ar chur chuige na hinfheistíochta sóisialta, féadfaidh siad a bheith ina méain, ach iad a bheith deartha go cuí, chun prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chur feidhme, mar a d'fhógair an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún in 2017 iad, chun an gealltanas polaitiúil a bhunú ar an leibhéal is airde maidir le samhail fáis níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe san Aontas, ina mbeidh dlúthbhaint idir an dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta. I mí na Bealtaine 2021 i nDearbhú Porto, deimhníodh in athuair an sprioc go ndéanfaí an Colún a chur chun feidhme ar bhealach níos doimhne, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus i bhfianaise an dá aistriú, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, a raibh dlús á chur leo. I mí an Mheithimh 2021, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach gur dhíol sásaimh di príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta, mar a chuir an Coimisiún chun cinn iad i bPlean Gníomhaíochta an Cholúin.

---

3 Conclúidí ón gComhairle dar teideal '*Towards Social Investment for Growth and Cohesion*' [I dtreo Infheistíocht Shóisialta le haghaidh Fáis agus Comhtháthaithe], a ghlac Comhairle EPSCO an 20-21 Meitheamh 2013.

5. **Cé go bhfuil an-luach ag baint le dul chun cinn sóisialta a shaothrú agus dea-bhail na ndaoine a fheabhsú, agus go bhfuil éagsúlachtaí idir comhthéacsanna agus riachtanais náisiúnta, tugtar le fios leis an bhfianaise gur féidir le beartais infheistíochta sóisialta – ach iad a bheith deartha go cuí – tionchar dearfach suntasach a imirt ar an bhfás eacnamaíoch, ar an táirgiúlacht agus ar an iomaíochas, agus tacú, dá réir sin, leis an inbhuanaitheacht fhioscach, agus an cóineasú sóisialta aníos á chur chun cinn ag an am céanna.** Cuireann beartas fioscach fónta an deis is gá ar fáil do bheartais infheistíochta sóisialta, agus is féidir leis na beartais sin tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus, leis sin, éifeachtaí dearfacha fadtéarmacha ar chóimheasa fiachais, lena n-áirítear trí chostais na neamhghníomhaíochta a mhaolú. Is éasca an dinimic sin a fheiceáil sa ghearrthéarma le linn lag trá eacnamaíochta mar shampla COVID-19, nuair ba leor na bearta tacaíochta le go dtiocfadh téarnamh eacnamaíoch níos tapúla ná mar a bhíothas ag súil leis (a bhuí go háirithe leis na scéimeanna oibre gearr-ama) agus le gur lú an laghdú a tháinig ar an bhfostaíocht agus ar ioncam i gcomparáid le géarchéimeanna a bhí ann roimhe sin[4]. Agus a mhalairt ghlan, beartais chomh-thimthriallacha a dhéantar a chur i bhfeidhm le linn géarchéime, féadann ciorruithe buiséadacha tobanna teacht dá mbarr, ciorruithe ar measa díobh an bhochtaineacht agus na neamhionannas sóisialta, ar laige díobh an acmhainneacht feabhsaithe táirgiúlachta agus ar teoranta dá mbarr an fás eacnamaíoch inbhuanaithe amach anseo.

[4] Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, a ghlac Comhairle EPSCO an 13 Márta 2023. Cuirtear anailísí níos mionsonraithe i láthair in eagráin 2023 agus 2022 den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

6. **Go háirithe, sa phlé a rinneadh le déanaí in EMCO agus SPC dúradh i ndáil le beartais fhianaisebhunaithe lena bhféachtar le scileanna a neartú, an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus an t-eisiamh a chosc, gur mór an acmhainneacht atá acu chun tacú le fás eacnamaíoch a bheidh níos láidre agus níos cuimsithí agus chun leibhéil táirgiúlachta a ardú, agus gur den tábhacht iad chun tacú leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach.** D'fhéadfaí a áireamh sna beartais sin athchóirithe agus infheistíochtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus ar neamhréireanna (trí uasscliliú agus athsciliú, oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil), leas a bhaint as acmhainneacht na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht (go háirithe trí bheartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair, córais dhea-struchtúrtha cánach agus tairbhí, agus beartais maidir le cuimsiú gníomhach), agus soláthar saothair a leathnú (trí sheirbhísí cúraim leanaí, seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh atá inrochtana agus inacmhainne). Ina theannta sin, is féidir ról tábhachtach a bheith ag beartais shóisialta áirithe sa chobhsú maicreacnamaíoch trí rioscaí sóisialta a mhaolú ar bhealach suntasach agus trí na méaduithe féideartha a laghdú ar chaiteachas sóisialta a bhaineann le neamhghníomhaíocht (go háirithe trí scéimeanna oibre gearr-ama, líontáin sábhála sóisialta dea-fheidhmiúla, mar shampla scéimeanna sochair dífhostaíochta agus cúnaimh, agus scéimeanna ioncaim íosta leordhóthanacha).

7. **Mar sin féin, cé go n-aithnítear acmhainneacht na mbeartas infheistíochta sóisialta agus in ainneoin an dul chun cinn modheolaíochta a rinneadh le déanaí, tá dúshláin fós ag baint le meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí iarbhír eacnamaíocha agus sóisialta[5] na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí tírshonracha, agus ní mór tuilleadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin**. Baineann na deacrachtaí sin leis an idirghníomhú idir gnéithe den dearadh beartais agus athróga eile a mbíonn tionchar acu ar na torthaí sin, lena n-áirítear sainiúlachtaí náisiúnta, chomh maith leis an tionchar a léirítear go minic sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Braitheann torthaí na hinfheistíochta sóisialta ar na cineálacha beartais atá i gceist agus ar dhearadh na mbeart sin, ach braitheann siad freisin ar ghnéithe comhthéacsúla (ó thaobh ama agus suímh de), chomh maith le hidirghabhálacha comhuaineacha beartais eile, agus ba cheart an méid sin a chur san áireamh. An mheastóireacht ar thorthaí micreacnamaíocha agus maicreacnamaíocha, braitheann sí ar na modhanna anailíseacha éagsúla a d'fhéadfaí a úsáid sna Ballstáit (anailís *ex-ante* agus *ex-post*, meastóireacht tionchair fhrithfhíorasaigh, agus anailís costais is tairbhe, mar shampla), agus braitheann sí freisin ar na leibhéil éagsúla acmhainneachta riaracháin atá ann chun meastóireacht leordhóthanach a dhéanamh. Ós rud é go bhféadfadh sé a bheith deacair éifeachtaí fadtéarmacha nó tosca fadtéarmacha tionchair a bhreathnú agus go bhféadfadh conclúidí neamhbheachta nó míchruinne a bheith mar thoradh air sin, tá sé ríthábhachtach sonraí leordhóthanacha iontaofa a bhailiú agus úsáid a bhaint as modheolaíochtaí láidre lenar féidir na gnéithe sin a léiriú ar bhealach leordhóthanach. Sa chomhthéacs sin, ach feabhas a chur ar chomhroinnt na ndea-chleachtas i measc na mBallstát, is fusa a bheidh sé tuiscint níos cuimsithí a fháil ar conas measúnú níos fearr a dhéanamh ar na torthaí eacnamaíocha agus sóisialta ar infheistíochtaí sóisialta, i bhfianaise dhúshláin choiteanna an Aontais. D'fhéadfadh an fhoghlaim fhrithpháirteach i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta a bheith úsáideach go háirithe chun infheistíochtaí agus athchóirithe a shainaithint lena n-uasmhéadaítear na héifeachtaí dearfacha ar an bhfás, ar an bhfostaíocht, ar rioscaí na bochtaineachta agus ar an neamhionannas.

---

[5] Tagraíonn torthaí eacnamaíocha do thairbhí nó gnóthachain airgeadais ar leibhéal an duine aonair, an ghnólachta nó an mhargaidh (ar an micrileibhéal), chomh maith le hathruithe ar an bhfás eacnamaíoch foriomlán, ar na rátaí boilscithe, nó ar na rátaí fostaíochta i dtír (ar an macraileibhéal). Cuimsítear sna torthaí sóisialta tairbhí, nach tairbhí airgeadais iad, atá dírithe ar an bhfolláine, ar an gcáilíocht saoil, agus ar fheabhsuithe sochaíocha, lena n-áirítear torthaí feabhsuithe sláinte agus oideachais do dhaoine aonair nó do ghrúpaí.

**Ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO sa Seimeastar Eorpach**

8. **Cé go bhfuil sé beartaithe gurb é an Seimeastar Eorpach an creat a bheidh ag an Aontas i gcónaí chun beartais fhioscacha, eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta a chomhordú — agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú agus sainchúram soiléir á thabhairt do chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO faoi Airteagal 148 CFAE — ag brath ar an toradh a bheidh air, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an Athbhreithniú ar an Rialachas Eacnamaíoch ar an gcaoi a dtacaíonn comhlachtaí ullmhúcháin EPSCO leis an bpróiseas sin.** Ar an gcéad dul síos, molann an Coimisiún idirghníomhaíocht níos láidre idir an beartas fioscach agus athchóirithe agus infheistíochtaí, sa chaoi is go gcuirfear margadh an tsaothair, scileanna agus bearta an bheartais shóisialta — arna gcomhordú agus arna bhfaire ag an gComhairle sa Seimeastar Eorpach faoi Airteagal 148 CFAE[6] — san áireamh agus *pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha* náisiúnta á n-ullmhú agus sa chaoi is go ndéanfar faireachán orthu trí na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a thíolacfadh na Ballstáit ina dhiaidh sin (tá sé beartaithe, dá bhrí sin, iad sin a chur in ionad na g*Clár Náisiúnta um Athchóiriú*, a úsáidtear faoi láthair mar mheáin tuarascála na mBallstát maidir le cur chun feidhme na bprionsabal sa Cholún). Ar an dara dul síos, maidir leis na gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta a chuir na Ballstáit chun cinn ina gcuid *pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha*, molann an Coimisiún go bhféadfaí a mheas go bhfuil pleananna áirithe díobh sin incháilithe chun síneadh a chur le tréimhse an choigeartaithe fhioscaigh, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad critéir áirithe trí chéile[7].

---

**6** Cumhdaítear in Airteagal 148 CFAE, go háirithe, glacadh bliantúil na dTreoirlínte Fostaíochta, na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht agus na Moltaí Tírshonracha. Ina theannta sin, formheasann Comhairle EPSCO na gnéithe fostaíochta agus sóisialta den Mholadh maidir leis an Limistéar Euro (i mí na Nollag), formheasann sí na conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil Fáis (i mí an Mhárta) agus formhuiníonn sí Tuairim Chothrománach bhliantúil maidir leis an Seimeastar Eorpach a ullmhaíonn an Chomhairle Fostaíochta agus an Chomhairle um Chosaint Shóisialta, lena n-áirítear torthaí a ngníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais agus athbhreithnithe (i mí an Mheithimh).

**7** Mar a shonraítear i mír 2, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil Colún Eorpach na gCeart Sóisialta i measc thosaíochtaí coiteanna an Aontais sna tograí ón gCoimisiún an 26 Aibreán.

9. **Ba cheart do chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO a ról comhordúcháin agus faireacháin a choinneáil maidir le gach ábhar a bhaineann le margadh an tsaothair, scileanna agus beartais shóisialta, lena n-áirítear i ndáil le hábhar ábhartha na ndoiciméad uile faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí.** I gcomhréir le prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, ní mór cineál iltaobhach an tSeimeastair Eorpaigh a chaomhnú go hiomlán agus ní mór do chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle a bheith rannpháirteach i gcónaí.

10. **De réir na bPríomhtheachtaireachtaí maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach a ghlac an Chomhairle Fostaíochta agus an Chomhairle um Chosaint Shóisialta i mí na Bealtaine 2023[8], cé go n-aithnítear na leibhéil éagsúla tacaíochta atá ann i measc na mBallstát, bheadh an Creat nua um Chóineasú Sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann comhsheasmhach le cur chuige comhtháite maidir le faireachán beartais agus chuirfeadh sé le láidreacht agus éifeachtúlacht an chomhordaithe beartais.**

11. **Tá tábhacht ag baint leis an gcomhar éifeachtach agus an machnamh comhpháirteach le comhlachtaí ullmhúcháin ECOFIN na Comhairle maidir lena bhfuil i ndán don Seimeastar Eorpach.** D'fhéadfaí a áireamh sa mhachnamh comhpháirteach sin socruithe praiticiúla chun timthriall bliantúil an tSeimeastair a rialú idir an dá ghrúpa comhlachtaí ullmhúcháin, an t-amlíne bhliantúil, modhanna oibre na gcoistí comhairleacha, agus conas idirghníomhaíocht éifeachtach a áirithiú idir an beartas fioscach agus athchóirithe agus infheistíochtaí struchtúracha darb aidhm aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasearnálacha, lena n-áirítear tacú le cur chun feidhme na bprionsabal i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus airgeadas poiblí fónta á chur chun cinn ag an am céanna.

---

8 Príomhtheachtaireachtaí maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach, a phléigh Comhairle EPSCO an 12 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Cuireadh ó Uachtaránacht na Spáinne agus ó Uachtaránacht na Beilge (Iúil 2023)**

*A Emiliano, a Rute, a chairde,*

*A chomhaltaí an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta, a chairde,*

Ba dhíol sásaimh don Uachtaránacht an díospóireacht thorthúil maidir le hábharthacht na hinfheistíochta sóisialta don athbhreithniú ar Rialachas Eacnamaíoch an Aontais, a tionóladh le linn an chruinnithe neamhfhoirmiúil de Chomhairle EPSCO i Maidrid an 14 Iúil. Léiríodh sa phlé gur mór an fonn a bhí ar na hAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta béim a leagan ar thábhacht na n-infheistíochtaí sóisialta agus gur gá a chinneadh conas a chaithfear leo faoi na rialacha fioscacha nua a d’fhéadfadh a bheith ann ar leibhéal an Aontais. Is díol mór spéise iad na tuairimí a tháinig chun cinn.

Bunaithe ar chonclúidí an chéad mhachnaimh sin, creideann Uachtaránacht na Spáinne — i ndlúthchomhar le hUachtaránacht inteachta na Beilge — nár cheart deireadh a chur leis an díospóireacht ach leanúint ar aghaidh di. Chuige sin, tá comhdháil ardleibhéil á heagrú ag Uachtaránacht na Spáinne an 15-16 Deireadh Fómhair in Aranjuez agus tá comhdháil eile á heagrú aici — i gcomhpháirtíocht le hUachtaránacht inteachta na Beilge — le saineolaithe acadúla idir deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus tús mhí na Samhna sa Bhruiséil chun an méid seo a leanas a phlé: (1) torthaí micreacnamaíocha agus macreacnamaíocha na hinfheistíochta sóisialta; agus (2) an mhéadracht atá ann cheana chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí na n-infheistíochtaí sóisialta.

Is é an cruinniú de Chomhairle EPSCO atá beartaithe do dheireadh mhí na Samhna 2023, an chéad deis eile a bheidh ag an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal polaitiúil araon a mheas. Tá sé mar chuspóir foriomlán leis sin go bhféadfaidh na hAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta cur chuige comhordaithe a ghlacadh maidir le ról na hinfheistíochta i rialachas eacnamaíoch athchóirithe an Aontais. Is é críochphointe na gníomhaíochta sin cruinniú comhpháirteach Chomhairle EPSCO agus Chomhairle ECOFIN, a thionólfar faoi Uachtaránacht na Beilge.

Chuige sin, i bhfianaise an mheasúnaithe atá beartaithe do chruinniú Chomhairle EPSCO i mí na Samhna 2023, ba mhaith le hUachtaránacht na Spáinne — i gcomhaontú le hUachtaránacht inteachta na Beilge — a iarraidh ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta Tuairim a thabhairt maidir leis an gcaoi a gcaitear leis an infheistíocht shóisialta agus le hathchóirithe gaolmhara faoin Rialachas Eacnamaíoch athbhreithnithe agus — ag tógáil dóibh ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta — maidir le ról Chomhairle EPSCO agus a Coistí sa chreat fioscach nua. Ina theannta sin, iarrann an Uachtaránacht ar na Coistí machnamh a dhéanamh ar acmhainneacht na n-infheistíochtaí ó thaobh an fháis eacnamaíoch, na cobhsaíochta maicreacnamaíche agus an chóineasaithe shóisialta aníos de, agus na hathruithe struchtúracha a eascraíonn as an aistriú glas agus digiteach á gcur san áireamh.

Is sibhse, mar chathaoirligh ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta, faoi seach, is fearr atá in ann céimeanna nithiúla agus modhanna oibre a mholadh don obair sin, agus cláir oibre bhur gCoistí agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón bplé a rinneadh roimhe seo ar an ábhar sin á gcur san áireamh. Féachfaidh Uachtaránacht na Spáinne, bunaithe ar thoradh tuairiscithe na Tuairime, le leibhéal na tacaíochta ó na Ballstáit a shoiléiriú maidir le seasamh an Choiste Fostaíochta i ndáil leis an Athbhreithniú ar an Rialachas Eacnamaíoch atá ar bun.

Tá Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht inteachta na Beilge go hiomlán ar fáil chun comhoibriú libh.